Foras na Gaeilge

Séideán Sí

# LEABHRÁN EOLAIS

## Bainisteoir Tionscadail: *Séideán Sí*

## Foras na Gaeilge
## Tag: BTSS/1125

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

**Láthair**
Oifig Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, a bheidh mar phríomhláthair oibre ag an té a cheapfar sa phost seo ach tá féidearthachtaí maidir le hobair chumaisc agus pléifear na socruithe cuí leis an duine a cheapfar.

**Sochair**

Baineann na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a leanas le post mar Bhainisteoir Tionscadail (Innealtóir Grád II) le Foras na Gaeilge agus cuirfear iad sa Tairiscint Cheapacháin:

- Raon Tuarastail: Is é an raon tuarastail don phost seo €70,368- €85,682.
- Tréimhse an Chonartha: conradh bliana a bheidh i gceist ach an fhéidearthacht ann go gcuirfear síneadh leis an gconradh.
- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear bheith i láthair 40 uair (i seachtain cúig lá). Ceadaítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo;
- Saoire Bhliantúil: 27 lá *pro rata* agus laethanta saoire poiblí;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith;
- Pinsean: Mar a cheadóidh an CATT;
- Saoire Mháithreachais/Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Tuismitheora: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Aois Scoir: de réir na dteidlíochtaí a bheidh i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh an CATT;
- Cód Iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT;

**Ginearálta**

Tá an Bainisteoir Tionscadal faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann "An tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999" agus Airt.1 de "Comhaontú na Breataine-na hÉireann 1999."

2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasaíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

**An Próiseas Roghnóireachta**

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d'iarrthóirí cóip PDF den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12pm meán lae, 28 Iúil 2025 chuig: poist@forasnagaeilge.ie

D'fhéadfaí socrú iasachta a dhéanamh leis an iarrthóir rathúil ach na cúinsí a bheith cuí dá leithéid.

**Síneadh ama curtha leis an spriocdháta**:
Ní mór cóip PDF de d'fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12 meán lae, **Dé Luain, 28 Iúil 2025** chuig: poist@forasnagaeilge.ie

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta, tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha faoi na hinniúlachtaí agus taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach nó inmhianaithe; tá cur síos orthu sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mion-chuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí seo a fuair siad san obair a rinne siad ar na mallaibh lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir riachtanacha agus inmhianaithe le gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Sa dara céim den phróiseas roghnóireachta déanfar tuilleadh measúnaithe ar na critéir atá liostaithe sa tSonraíocht faoin bPearsa. D'fhéadfadh trí chuid a bheith ann:

1. Scrúdú scríofa;
2. Cur i láthair;
3. Agallamh le hinniúlacht an iarrthóra a mheas;

**SONRAÍ AN PHOIST**

**Teideal an Phoist**: Bainisteoir Tionscadail: *Séideán Sí*

**Freagrach do**: Eagarthóir Sinsearach, an Gúm

**Próifíl an Phoist**: Freagrach as forbairtí ar *Séideán Sí* a phleanáil agus a bhainistiú.

**Príomhchúraimí**

**Cúraimí Straitéiseacha:**

- Sainriachtanais thionscadail *Séideán Sí* a aithint agus a shainiú i gcomhar leis an Eagarthóir Sinsearach agus le saineolaithe agus le páirtithe leasmhara eile.
- Sainiú a dhéanamh i gcomhar leis an Eagarthóir Sinsearach ar na forbairtí, leasuithe agus nuashonruithe a bheidh le déanamh ar an bpacáiste trí chéile ó 2026 ar aghaidh.
- Córais a fhorbairt agus a fheidhmiú i dtaca le cinntí, tuairisciú agus monatóireacht.

**Cúraimí Oibríochtúla:**

- Raon agus leithead na bhforbairtí, na leasuithe agus na nuashonruithe is gá a dhéanamh ar *Séideán Sí* a mheas (idir na háiseanna clóite agus na háiseanna digiteacha atá ar fáil líne, lena n-áirítear an suíomh gréasáin féin).
- Plé agus comhairliúchán a thionscnamh agus a dhéanamh le múinteoirí, saineolaithe agus páirtithe leasmhara eile maidir leis na forbairtí, na leasuithe agus na nuashonruithe is gá a dhéanamh ar an bpacáiste.
- Plean oibre cuimsitheach agus buiséad táscach a leagan amach don obair sin, i gcomhar leis an Eagarthóir Sinsearach / Stiúrthóir SFFT.
- Cás gnó a scríobh le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais d'fhonn maoiniú a chur in áit don obair forbartha.
- Comórtais tairisceana phoiblí, iarratais ar thairiscintí agus cáipéisíocht ábhartha eile a réiteach maidir leis an tionscadal de réir mar is gá agus na comórtais sin a bhainistiú, a rith agus a thabhairt chun críche.
- Bheith rannpháirteach mar bhall d’fhoireann an Ghúim.
- Tacaíocht a thabhairt don Eagarthóir Sinsearach agus Stiúrthóir Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta de réir mar is gá.

**Cúraimí Airgeadais:**

- Bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséad *Séideán Sí* i gcomhar leis an Eagarthóir Sinsearach.
- Tuairisciú don Eagarthóir Sinsearach maidir le feidhmíocht airgeadais.
- A chinntiú go bhfeidhmíonn an tionscadal taobh istigh dá bhuiséad faofa.
- Cúram a dhéanamh de chostasú agus de bhainistiú riosca agus airgeadais an tionscadail.
- A chinntiú go gcloíonn na córais airgeadais le forálacha Mheamram Airgeadais Fhoras na Gaeilge.
- A chinntiú go gcoinnítear an Clárbhainisteoir Airgeadais agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar an eolas go rialta faoi staid an tionscadail.

**Cúraimí Pearsanra:**

- Tuairisciú ar obair agus ar spriocanna na hoibre.
- Obair na foirne a bheidh ag tuairisciú dó/di, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, a phleanáil, a stiúradh agus a bhreithniú.

**Cúraimí Cumarsáide:**

- Freastal ar chruinnithe éagsúla d'fhoireann Fhoras na Gaeilge de réir mar is cuí.
- Cruinnithe rannóige a ghairm de réir mar is cuí.
- Fanacht cothrom le dáta maidir le forbairtí ábhartha.
- Teagmhálacha ag gach leibhéal a fhorbairt agus a choinneáil raon leathan geallsealbhóirí sa réimse.
- Seisiúin chomhairliúcháin agus grúpaí fócais a reáchtáil le múinteoirí agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis na forbairtí is riachtanaí is gá a dhéanamh.

**Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.**

## SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA

**Critéir Riachtanacha**

- Ardchumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, idir labhartha agus scríofa.
- Taithí 5 bliana ar a laghad mar mhúinteoir bunscoile san earnáil lánGhaeilge.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ghairmiúil ar thionscadail a bhainistiú agus a riar (buiséad a réiteach san áireamh).
- Mioneolas ar áiseanna *Séideán Sí*, agus taithí leanúnach ar áiseanna *Séideán Sí* a úsáid sa seomra ranga.
- Mioneolas ar *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus ar na teoiricí oideolaíochta atá laistiar de.
- Ardscileanna ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí ar fhoireann a stiúradh agus a bhainistiú.
- Taithí ar a bheith ag obair in earnáil an oideachais lánGhaeilge taobh amuigh den seomra ranga.
- Táithí ar áiseanna teagaisc a fhorbairt, idir áiseanna clóite agus áiseanna digiteachta; an teicneolaíocht a bhaineann leis an bpróiseas sin san áireamh.

**Cáilíochtaí Pearsanta**

- Féinspreagtha, díograiseach.
- Nuálach.
- In ann ceannaireacht a thabhairt.
- In ann caidreamh éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara.

*Tá an post seo maoinithe 100% ag an Roinn  Oideachais.*

*D'fhéadfaí socrú iasachta a dhéanamh leis an iarrthóir rathúil ach na cúinsí a bheith cuí dá leithéid.*